An Roinn Oideachais
Department of Education

# Achoimre ar an Athbhreithniú ar an Scéim Iompar Scoile




Eanáir 2024

# Réamhrá agus buíochas

**Buíochas**
Is mian linn ár mbuíochas a léiriú don obair, don tacaíocht agus don rannpháirtíocht le linn an athbhreithnithe seo ar an nGrúpa Stiúrtha ardleibhéil, faoi chathaoirleacht Aoife Conduit, Rúnaí Cúnta le freagracht as Iompar Scoile agus an Grúpa Oibre Teicniúil faoi chathaoirleacht Shirley Kearney, Príomhoifigeach na Rannóige Iompar Scoile.

Táimid faoi chomaoin ag an nGrúpa Oibre Teicniúil, ar a raibh ionadaithe ón Roinn Oideachais – Laura Leonard ón Rannóg Iompar Scoile, Martin McLoughlin ón Rannóg Oideachais Speisialta, Gavin Murphy ón Láraonad Beartas, Tom Whelan ón Rannóg Airgeadais agus Deirdre Cullen agus Violeta Maloney ó Rannóg na Staitisticí. Ar an nGrúpa freisin bhí Mary McGrath agus Helen Walsh ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus Miriam Flynn ó Bhus Éireann.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil freisin le baill an Ghrúpa Stiúrtha ardleibhéil as a rannpháirtíocht agus a n-ionchur sa tionscadal seo. Ar an nGrúpa Stiúrtha bhí ionadaithe ó bhord bainistíochta na Roinne atá freagrach as Oideachas Speisialta agus as Lárionad Beartas Airgeadais, ár mbuíochas do Martina Mannion agus Gavan O'Leary faoi seach. Ar an nGrúpa freisin bhí ionadaithe bainistíochta sinsearacha ó eagraíochtaí eile, buíochas do Teresa Griffin agus John Kearney ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, Stephen Kent ó Bhus Éireann, Tim Gaston agus Dominic Hannigan ón Údarás Náisiúnta Iompair, John Boylan agus Garret Doocey ón Roinn Iompair, Jasmina Behan agus Georgina Hughes-Elders ón Roinn Caiteachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóirithe* agus Niall O'Cleirigh ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

Is mór againn obair na rúnaíochta don Ghrúpa Stiúrtha ardleibhéil, Shirley Kearney agus Laura Leonard ón Rannóg Iompar Scoile.

Ar deireadh, táimid buíoch don tacaíocht, don rannpháirtíocht agus don obair a rinne Brian O'Connell agus Eoin Monaghan ó Indecon International Consultants.
**ó mhí Feabhra 2021 go mí an Mheithimh 2023*

**Forléargas ar an Athbhreithniú**
Rinneadh an tAthbhreithniú ar an Scéim Iompar Scoile i dtrí chéim, Céim 1 ag féachaint ar na cúinsí sonracha a bhain le 2019-21, tionchar Covid-19 go pointe áirithe san áireamh. I gCéim 2 rinneadh cuspóirí foriomlána na Scéime Iompar Scoile a iniúchadh agus a ailíniú le beartas an Rialtais. I gCéim 3 leagadh amach moladh mionsonraithe faoin gcaoi is fearr leis an Scéim a leasú agus a fhorbairt chun freastal amach anseo ar riachtanais na ndaltaí, a dteaghlach agus na sochaí féin. Chríochnaigh an Grúpa Oibre Teicniúil an obair faoi Chéim 3 i mí an Mheithimh 2023 agus thug an Grúpa Stiúrtha faomhadh don obair i mí Dheireadh Fómhair 2023.

# Céim 1 den Athbhreithniú

Críochnaíodh Céim 1 den Athbhreithniú ar Iompar Scoile i mí an Mheithimh 2021. Dhírigh an chéim seo ar dtús ar na critéir incháilitheachta do dhaltaí ar iompar scoile príomhshrutha. Scrúdaíodh, ach go háirithe, an riachtanas ó 2012 i leith gur chóir go bhfreastalódh daltaí incháilithe ar an scoil is gaire atá ar fáil. Léirigh an t-athbhreithniú nár cuireadh rialacha incháilitheachta 2012 i bhfeidhm go docht ag aon am. Chruthaigh sé seo roinnt aimhrialtachtaí agus chuir sé leis an méadú ar an líon leanaí a bhí ag baint leasa as iompar scoile ar bhonn lamhháltais gach bliain. Léiríodh go raibh sé seo níos suntasaí ag leibhéal na hiar-bhunscoile, in éineacht leis an bhfíric gur chomhlíon líon mór scoláirí na riachtanais maidir le fad slí ach gur roghnaigh siad freastal ar an gcéad scoil eile ba ghaire dóibh. Dá réir sin bhí scoláirí neamh-incháilithe go teicniúil, agus iad ag brath mar sin ar lamhháltais bhliantúla chun leas a bhaint as an Scéim.[i]

Cé nach raibh ach líon beag daltaí nár éirigh leo i ndeireadh thiar ticéad lamhháltais a fháil, chruthaigh an deacracht bhliantúil seo míshuaimhneas go leanúnach i measc tuismitheoirí, lenar bhain stocaireacht pholaitiúil agus brú de chineálacha eile ar am agus acmhainní na Rannóige Iompar Scoile agus *Bus Éireann*. Breathnaíodh san athbhreithniú freisin ar luach ar airgead agus ar éifeachtacht iomlán na Scéime reatha. Tugadh faoi threochtaí agus spreagthóirí costais a aithint, an chaoi ar thacaigh sé le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais (RSO) acu mar aon le hinbhuanaitheacht agus ailíniú na scéime i gcoitinne le Clár an Rialtais agus le beartais um ghníomhaíocht aeráide. Ceann de na príomhthorthaí ná gur bhain an príomhspreagthóir costais ó 2012 i leith le tacaíocht mhéadaithe bliain in aghaidh bliana a thabhairt do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu, le dúbailt tagtha ar chostais na Scéime RSO le linn na n-ocht mbliana go dtí 2019.[ii]

Bhreithnigh Céim 1 den athbhreithniú trí rogha ansin:

Ba é Rogha 1 athruithe 2012 a chur i bhfeidhm go docht agus dá réir sin freastal ar dhaltaí incháilithe amháin. D'fhreastalódh sé seo ar 84,842 dalta ach bheadh tionchar diúltach aige ar 18,115 dalta lamhháltais agus d'fhágfadh sé os cionn 6,000 dalta incháilithe asáitithe trí sheirbhísí a laghdú. Ní raibh an rogha seo inmhianaithe mar réiteach iomlán toisc an tionchar diúltach a bheadh aige ar theaghlaigh faoi mhíbhuntáiste sóisialta mar aon leis an méadú dóchúil ar thurais charranna agus ar dhúshláin riaracháin.

Ba é Rogha 2 ná an Scéim a choinneáil de réir na nósanna agus na cleachtais mar a bhí ó 2012 go 2019. Cé go mbeadh áit ar fáil do 107,115 dalta, d'fhágfaí 2,289 dalta lamhháltais ar lár lena n-áirítear 1,767 a raibh suíocháin acu ag an am. Dá réir sin, bheadh brú leanúnach do lamhháltais do dhaltaí dá leithéid sin, agus bheadh baol go gcruthófaí deacrachtaí airgeadais suntasacha dóibh siúd nach mbeadh áit ar fáil dóibh i ndeireadh báire.

Ba é Rogha 3 ná an Scéim a choinneáil 'mar atá' ach le bearta maolaithe sealadacha ar sheirbhísí iar-bhunscoile, ar aon dul lenar tharla in 2019. Chuirfí áit ar fáil do 108,777 dalta príomhshrutha, mar aon le 1,882 scoláire iar-bhunscoile lamhháltais nach mbeadh áit acu murach sin. Bheadh an coigilteas níos lú ná mar a bheifí ag súil leis le Rogha 2 agus bheadh brú ar acmhainní fós ach d'fhreastalófaí ar gach dalta incháilithe a chuir isteach agus a d'íoc in am, agus ar gach scoláire iar-bhunscoile a chomhlíon na critéir maolaithe sealadacha.

Mhol an Grúpa Oibre Teicniúil leanúint ar aghaidh le Rogha 3 do Mheán Fómhair 2021 agus a fhios acu nár cheart go mbeadh céimeanna breise den athbhreithniú casta agus nach mbainfidís an bonn de chinntí a d'eascair as Céim 1. D'fhreastail an rogha seo ar an líon ba mhó daltaí incháilithe agus chuir sé iompar ar fáil chun freastal ar an éileamh a rabhthas ag súil leis. Thacaigh sé freisin le gealltanais i gClár an Rialtas chun iompar inbhuanaithe a chur chun cinn, brú tráchta ag scoileanna agus i mbailte a laghdú, agus tacú le pobail nuair nach raibh iompar poiblí eile ar fáil. [iii]

## Céim 2 den Athbhreithniú

Críochnaíodh Céim 2 den Athbhreithniú ar Iompar Scoile faoi mhí na Nollag 2022. Áiríodh leis soiléiriú ar bhunchuspóirí na Scéime agus ar an mbaint a bhí acu sin le daltaí príomhshrutha agus leo siúd a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu araon. Sa chéim seo den athbhreithniú scrúdaíodh freisin an chaoi a raibh an Scéim ag teacht leis an gCód Caiteachais Phoiblí, le beartais phleanála scoile agus leis na tosaíochtaí uileghabhálacha i gClár an Rialtais. Rinneadh thrí chás-staidéar chun cabhrú le staid na gceantar tuaithe faoi láthair agus sa todhchaí a mheas, toisc go mbeadh tionchar ag athruithe molta ar an Scéim orthu.[iv] Gan amhras, bhí fócas ar luach ar airgead agus ar inbhuanaitheacht chostais fhadtéarmach na Scéime ach rinneadh iarracht mhór fócas a dhíriú freisin ar aiseolas a fháil ó pháirtithe leasmhara éagsúla na Scéime. Rinneadh comparáidí le scéimeanna iompair scoile i ndlínsí eile freisin mar iarracht ar an méid a sholáthraíonn Éire a chur i gcomhthéacs agus a thagarmharcáil.

Shoiléirigh an Grúpa Oibre Teicniúil cuspóirí na Scéime Iompar Scoile. Tá sé ina thosaíocht i gcónaí **rochtain ar oideachas a éascú do na leanaí sin a bhfuil cónaí orthu i bhfad ó na scoileanna**. Tá ríthábhacht ag baint leis seo toisc easpa iompair phoiblí, bealaí sábháilte siúlóide nó rothaíochta, soilsiú sráide nó cosáin i go leor áiteanna.

D'aithin an Grúpa Oibre leanúint le **tacaíocht do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu** mar chuspóir tosaíochta eile. Ní bheadh ar chumas go leor leanaí atá ag freastal ar scoileanna nó suíomhanna speisialta a bheith i láthair murach an Scéim. Mar aon leis na tosca a luadh san alt roimhe seo, léirigh aiseolas ó theaghlaigh gur chuir infhaighteacht an iompair ar chumas tuismitheoirí leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu leanaí eile a thabhairt ar scoil nó déileáil le cúramaí eile.

Leag an t-athbhreithniú béim ar chuspóirí eile nach mór a chur san áireamh sa mheasúnú ar nithe ba cheart don Scéim iarracht a bhaint amach. Ina measc sin bhí tacú le **ceart bunreachtúil chun oideachais gach linbh, an úsáid is fearr a bhaint as acmhainn tógála scoile** agus, i gcomhthéacs níos leithne, **a chur ar chumas tuismitheoirí a bheith páirteach sa mhargadh saothair** nó deis níos fearr a bheith acu oibriú tamall ón áit a bhfreastalaíonn a leanaí ar scoil, más gá.

Caitheadh go leor ama i gCéim 2 **ag cinntiú go raibh an Scéim Iompair ag teacht le beartas an rialtais** thar raon réimsí. Pointe tábhachtach a tháinig chun solais sa chéim seo ná nach tionscnamh oideachais amháin atá i gceist leis an Scéim Iompar Scoile. Tacaíonn tacaíocht na scéime don rochtain ar oideachas, ar a seal, le hinfheistíocht i gcaipiteal daonna, méadaítear táirgiúlacht, cuirtear soghluaisteacht shóisialta chun cinn, cuidítear le héagothroime a laghdú agus téann an scéim chun tairbhe an gheilleagair i gcoitinne. Fuarthas go raibh an Scéim ag teacht agus ag tacú le beartas an Rialtais ar iliomad bealaí:

- gáis ceaptha teasa a laghdú agus tacú le turais taistil ghníomhaigh (An Plean Gníomhaíochta Aeráide)

- pobail tuaithe, soghluaisteacht inbhuanaithe agus rochtain ar oideachas a neartú (NDP, Tionscadal Éireann 2040, Ár dTodhchaí Tuaithe)
- tacú leis an gClár Bealaí Sábháilte chun na Scoile nuair is féidir
- cuidiú le hiompar scoile agus poiblí a chomhtháthú (Bus Connects/Connecting Ireland)
- tacú le ceart bunreachtúil gach linbh ar oideachas
- tacú le hoideachas cuimsitheach (Oideachas Cuimsitheach do Shochaí Chuimsitheach)
- cabhrú le gluaisteáin agus tranglam tráchta a bhaint ó thimpeallachtaí na scoile (Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre)
- luach ar airgead a sholáthar do thuismitheoirí agus don Státchiste

Ag eascairt as soiléirithe ar chuspóirí na Scéime agus a comhlíonadh i gcoitinne le beartas an rialtais, aithníodh roinnt féidearthachtaí maidir lena feidhmiú amach anseo, lena n-áirítear:

- critéir incháilitheachta fad slí a laghdú nó a bhaint, ní a mhéid a dhíspreagfar siúl/rothaíocht ach chun teaghlaigh bhreise a spreagadh chun iompar scoile a úsáid
- roghanna táillí ticéad a athmheas, agus táillí a athstruchtúrú, b'fhéidir, chun nascadh *pro rata* le cibé an bhfreastalaíonn daltaí ar an scoil is gaire dóibh nó an roghnaíonn siad scoileanna níos faide ó bhaile
- iompar a sholáthar nuair atá íoslíon dalta ann beag beann ar incháilitheacht ach le táillí ticéad athstruchtúraithe, b'fhéidir, mar atá luaite thuas
- tionscnaimh chun níos mó úsáide as an Scéim bunscoile a spreagadh, lena n-áirítear, b’fhéidir, méadú ar thionlacain bus chun tacú le leanaí níos óige agus le táillí ticéad laghdaithe
- nasc a chruthú b’fhéidir le méadú ar thionlacan bus mar atá thuas, oiliúint foirne agus feithiclí a oiriúnú chun tacú le comhtháthú agus cuimsiú daltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu lena bpiaraí i seirbhísí príomhshrutha nuair is féidir
- sineirgí a fhorbairt idir iompar scoile agus iompar poiblí, agus cur chuige níos comhordaithe le ranna rialtais eile aon uair is féidir.

Go bunúsach, aontaíodh go scrúdódh Céim 3 den athbhreithniú na roghanna seo, agus aird á tabhairt ag an am céanna ar an ngá tairbhí gníomhaíochta aeráide agus rudaí dearfacha eile do shaol na tuaithe agus do thuismitheoirí a chothromú in aghaidh chostais na Scéime, sochair eacnamaíocha, inbhuanaitheacht fhioscach agus acmhainn riaracháin na Scéime féin.

## Céim 3 den Athbhreithniú

Faoi Chéim 3, baineadh úsáid as Samhail um Loighic Cláir cúig fhad mheastóireachta chun comhtháthú sistéamach a chinntiú taobh le taobh leis na tacaíochtaí a bhí de dhíth a aithint chun éifeachtacht na Scéime a chothabháil agus a fheabhsú. Dhírigh an obair seo ar **Ionchuir** (acmhainní na Scéime); **Gníomhaíochtaí** nó gníomhartha ar rinneadh óna dtagann **Aschuir** (a tháirgtear sa Scéim). Scrúdaíodh **Torthaí** do na tairbhithe spriocdhírithe freisin agus **Tionchair** bhunúsacha nó neamhbheartaithe sa tsochaí áitiúil agus níos leithne.[v] Go hachomair, rinne an mheastóireacht seo go leor torthaí tairbhiúla na Scéime a aithint, lena n-áirítear tosaíochtaí a aithníodh faoi Chéim 2. Ina measc bhí rochtain ar oideachas a éascú, tacú le tuismitheoirí oibre agus teaghlaigh a bhfuil cónaí orthu faoin tuath in Éirinn, ailíniú le beartas Rialtais agus iompar scoile sábháilte agus iontaofa a sholáthar.

Bhreithnigh an Grúpa Oibre Teicniúil go leor saincheisteanna lena n-áirítear ráta na n-íocaíochtaí deontais, fostú tionlacain bus scoile, amlíne agus próiseas an iarratais, an acmhainneacht le haghaidh feabhsuithe teicneolaíochta agus an chaoi is fearr le tacú le taisteal gníomhach agus comhtháthú le hiompar poiblí. Ina theannta sin, rinne Indecon International Consultants anailís costais is tairbhe (ACT) ar roghanna todhchaí maidir le feidhmiú na Scéime thar ceann na Roinne Oideachais.[vi] Thug an taighde faoi deara an méadú incriminteach in úsáid na Scéime ag daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, athrú méadaitheach i dtreo scoláirí iar-bhunscoile lamháltais a úsáideann an Scéim agus spleáchas breise ar an Scéim i gcontaetha le leibhéil níos airde díothachta tuaithe, de réir innéacsanna *Pobal*.[vii]

Rinne an ACT cros-seiceáil ar a chuid torthaí le tairbhí féideartha airgeadais don Roinn agus na tairbhí eacnamaíocha don tsochaí agus pléadh sé rogha san iomlán. Chuimsigh raon na roghanna an Scéim a fhágáil a bheag nó a mhór mar atá faoi láthair go dtí úsáid a bhaint as scéim a bheadh éileamh-thiomáinte go hiomlán ina mbainfí na critéir maidir leis an scoil is gaire agus ticéid saor in aisce a thairiscint. Níor measadh go raibh ceachtar de na foircinn seo inchosanta. Bhí ceithre rogha (uimhrithe 1 go 4) idir na cuaillí seo, gach ceann acu ag féachaint ar éileamh, critéir fad slí, cuimsitheacht daltaí a bhfuil RSO acu agus leibhéil éagsúla táillí. Laistigh de na ceithre rogha uimhrithe seo, chuir Rogha 1 an coigilteas airgeadais ab ísle don Roinn agus na táillí dalta/teaghlaigh ab ísle, fad slí incháilitheachta níos ísle agus baineadh na critéir maidir leis an scoil is gaire. Ar an taobh eile de, sholáthair Rogha 4 an coigilteas airgeadais ab airde don Roinn ach na costais dalta/teaghlaigh ab airde agus an tairbhe eacnamaíoch iomlán ab ísle.[viii] Ní raibh an difríocht chomh soiléir céanna idir na roghanna sin nuair a cuireadh san áireamh ceist an chuimsithe, cé gur cheart a thabhairt le fios go raibh féidearthachtaí cuimsithe 20% i gceist le Roghanna 1 agus 4. Bhí na leibhéil chuimsithe faoi na roghanna eile idir 5% agus 15%.

Go bunúsach, mhol Rogha 1 critéir an fad slí a laghdú go 1km do dhaltaí bunscoile agus 2km do scoláirí iar-bhunscoile, agus na critéir a bhain leis an 'scoil is cóngaraí' a bhaint amach. Moladh táillí riaracháin ticéad de €50 (bunscoil) agus €75 (iar-bhunscoil), le teorainn teaghlaigh de €125. Ar an taobh eile, mhéadódh Rogha 4 an táille bhliantúil ar thicéad go €200 (bunscoil) agus €400 (iar-bhunscoil) le teorainn teaghlaigh de €700. Sa rogha seo freisin moladh íostáille de €50 do shealbhóirí Iompair RSO agus Cártaí Leighis.

I ndeireadh na dála, tháinig an anailís ar an tuairim gurbh í Rogha 1 an ceann ab fhearr a oirfeadh lena chinntiú go sásódh an Scéim na cuspóirí éagsúla a sainaithníodh i gCéim 2, lena n-áirítear gealltanais shochaíocha agus rialtais do ghníomhaíocht aeráide, bonneagar iompair níos fearr agus cosaint agus tacú le pobail tuaithe. Cé gur thabhaigh Rogha 4 an glanchostas airgeadais is ísle ar an Roinn, measadh go raibh an 'cóimheas sochair-go-costas' ab airde agus an glansochar ab airde ag Rogha 1 thar an tréimhse go 2040, lena n-áirítear na bealaí is fearr chun cabhrú le spriocanna ghníomh náisiúnta aeráide a bhaint amach. Meastar gurb é an costas faoi Rogha 1 i dtéarmaí Glanluacha Reatha (GLR/NPV) ná €7.053bn thar thréimhse 20 bliain an ACT, nó meánchostas bliantúil measta i dtéarmaí GR de €352.65m. Tá an t-iomlán seo comhdhéanta de chostas measta de €3.9bn i dtéarmaí GLR d'fheidhmiú na Scéime Iompar Scoile príomhshrutha agus €3.1bn i dtéarmaí GLR le haghaidh fheidhmiú eilimint RSO na scéime. Is ionann é seo agus meánchostas bliantúil thar an tréimhse 20 bliain de €196m i dtéarmaí GLR don scéim phríomhshrutha agus €157m i dtéarmaí GLR don scéim RSO.

Léirigh anailís ar an rogha, i gcomhréir le treoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, gur féidir Rogha 1 a mheas inbhuanaithe ó thaobh airgeadais.

Sula mbreathnaítear go mion ar na moltaí foriomlána a d'eascair as Céim 3, ba chóir a thabhairt le fios go ndearnadh cros-seiceáil arís ar an gcur chuige ginearálta atá á mholadh le cleachtas idirnáisiúnta, a mhéid a bhí indéanta. Chuidigh an chaibidil dar teideal 'Iompar Scoile: Dearcadh Idirnáisiúnta' le roinnt príomhspreagthóirí a d'eascair as Céim 3 a dhaingniú: Is ag Éirinn atá an céatadán is ísle daonra a bhfuil cónaí orthu i gceantair uirbeacha sna tíortha a ndearnadh suirbhé orthu, ag déanamh cás láidir ar son soláthar poiblí-. seirbhís iompair scoile chun pobail tuaithe a éascú agus chun tacú leo. É sin ráite, tugann costas ginearálta an iompair le fios i gcomparáid le saibhreas coibhneasta na dtíortha a ndearnadh suirbhé orthu nach bhfuil iompar in Éirinn ró-chostasach agus mar sin gur infheistíocht mhaith iad costais airgeadais na Scéime chun a chinntiú go gcomhlíontar na cuspóirí agus go bhfuiltear ag teacht le beartas iomlán an Rialtais.[ix]

## Scéim Iompar Scoile Athbhreithnithe a Mhúnlú

Ag dul níos faide ná na bearta eatramhacha a comhaontaíodh i gCéim 1 agus cuspóirí éagsúla na Scéime a aithníodh i gCéim 2 á gcur san áireamh, i ndeireadh thiar d'eascair an dréacht-phlean seo a leanas do thodhchaí na Scéime Iompar Scoile mar thoradh ar an ACT agus an obair eile a rinneadh i gCéim 3.

## Critéir Incháilithe Feabhsaithe

Agus samhail Rogha 1 á úsáid mar bhonn le critéir incháilitheachta a nuashonrú, molann athbhreithniú Chéim 3 gur cheart na critéir faid slí ar na scéimeanna príomhshrutha a laghdú de réir a chéile ach gan dul chomh fada agus go ndéanfaí daltaí a dhíspreagadh o shiúl nó rothaíocht. Dhéanfaí an t-achar a shocrú ag 2km don bhunscoil agus don iar-bhunscoil araon in 2024/25, agus ansin go 1km don bhunscoil agus 2km don iar-bhunscoil faoi seach do 2025/26. Ní bheidh feidhm aige seo i gceantair uirbeacha ina bhfuil seirbhísí iompair phoiblí ar fáil do dhaltaí atá ag freastal ar scoil.

Ní mholtar aon athruithe faoi láthair ar na critéir faid slí reatha do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu. Déanfaidh grúpa oibre, lena n-áirítear an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS), feabhsuithe leanúnacha a aithint ó 2023 ar aghaidh.

Ar an gcaoi chéanna, ní mholtar aon athruithe ar na critéir faoina bhfuil rogha scoileanna daltaí nasctha lena rogha teanga teagaisc nó le héiteas na scoile, cé go bhfuil soiléiriú fós ag teastáil ar an gcaoi a sainítear éiteas ag leibhéil na bunscoile agus na hiar-bhunscoile do 2024/5. Faoi láthair, is féidir le leanbh dul thar bhunscoil shainchreidmheach níos gaire chun freastal ar scoil il-sainchreidmheach agus vice versa, ach ní féidir le scoláire iar-bhunscoile ach dul thar an scoil is gaire (sainchreidmheach nó nach ea) chun freastal ar scoil reiligiún mionlaigh.[x]

Déanfar úsáideoirí na scéime atá rangaithe faoi láthair mar 'lamháltais' a mheas mar 'neamhcháilithe' amach anseo, chun aon mhíthuiscint nó ionchas míchuí a sheachaint. Déanfar 'suíocháin spártha' a dháileadh orthu nuair a bheidh áit tugtha do gach dalta incháilithe.

Ní dhéanfar incháilitheacht a mheas feasta de réir critéir na scoile is gaire, beidh deireadh leis sin.

Coinneofar na bealaí reatha go léir, fiú nuair atá níos lú ná deichniúr dalta ag baint úsáide as an mbealach. Ionas go mbunófar bealaí nua, áfach, beidh íosmhéid de dheichniúr ag teastáil agus déanfaidh grúpa oibre an indéantacht a iniúchadh maidir le bealaí reatha le níos lú ná deichniúr dalta a aistriú chuig iompar

poiblí. Ní mór na scéimeanna foilsithe a athscríobh chun aon athruithe dá leithéid a léiriú roimh an scoilbhliain 2024/25.

Ar mhaithe le huilechuimsitheacht a chothú agus sprioc 20% de leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu a bheith ag baint úsáide as seirbhísí príomhshrutha, cuirfear bearta i bhfeidhm chun tacú le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ar mian lena dtuismitheoirí go mbeidís ag taisteal ar sheirbhísí príomhshrutha atá ar fáil. Bunófar grúpa oibre le hionadaithe ó na Rannóga Iompar Scoile agus Oideachais Speisialta, ón CNOS agus *Bus Éireann* in 2023 chun feabhsuithe leanúnacha a éascú.

Leanfar le táille ticéad bliantúil a ghearradh ar úsáideoirí na Scéime, €50 in aghaidh an dalta bunscoile, €75 in aghaidh an dalta iar-bhunscoile, le teorainn teaghlaigh iomlán de €125. Déanfar athbhreithniú ar mhéid an mhuirir seo in 2025 nuair a bheidh níos mó sonraí ar fáil ó na córais eTicketing.

Leanfar le díolmhú ón táille seo do dhaltaí a bhfuil cártaí leighis iomlána acu nó a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, le hathbhreithniú freisin nuair a bheidh níos mó sonraí ar fáil faoi 2025. Leanfar ag tacú le leanaí atá i gcúinsí fíordhúshlánacha (m.sh. easpa dídine) mar atá ag tarlú faoi láthair.

## Dúshláin Oibriúcháin a Shárú

Níor moladh aon athrú ar an Deontas Ceantar Iargúlta ach tá méadú molta ar an Deontas Iompair Speisialta.[xi]

Ní mór an próiseas iarratais a shruthlíniú agus a shimpliú trí fheabhsuithe teicneolaíochta, ag bogadh go próiseas aon-chéim le haghaidh iarratas agus íocaíochta idir Feabhra agus deireadh mhí Aibreáin sa bhliain acadúil roimh an bhliain a mbeidh gá le hiompar. Ní mór an dáta íocaíochta a thabhairt chun cinn ionas go mbeidh dóthain ama ag *Bus Éireann* chun seirbhísí a phleanáil, rThicéid a leithdháileadh agus cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí.

Ba cheart go gcoimeádfaí ar oscailt go dtí go luath i mí an Mheithimh an tsaoráid chun sonraí íocaíochta nó cárta leighis a chur isteach ar an tairseach teaghlaigh, agus ina dhiaidh sin dúnfaidh an tairseach ar feadh tréimhse trí seachtaine chun críocha riaracháin.

Tá an seasamh ann i gcónaí go spreagfar iarratais ar iompar do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu faoi dheireadh mhí Aibreáin ach go leanfar ag glacadh leo i rith na bliana go léir. Ba cheart go mbogfadh iarratais ar an Scéim RSO ar líne faoin scoilbhliain 2024/25.

Leanfaidh an Rannóg Iompar Scoile ar aghaidh ag scrúdú pá agus coinníollacha tionlacain bus agus an chaoi a bhféadfaidís cur le seirbhísí feabhsaithe agus níos cuimsithí.

Ba cheart go mbeadh teicneolaíocht léarscáilithe leictreonaí cothrom le dáta i bhfeidhm faoi 2025/26 chun fad incháilitheachta a thomhas go cruinn agus go trédhearcach. Leanfaidh an Rannóg Iompar Scoile agus *Bus Éireann* leis an obair seo agus le hobair eile a bhaineann le feabhsúcháin teicneolaíochta a chur i gcrích ó 2023 ar aghaidh.

Leanfaidh obair eile atá ar siúl faoi láthair laistigh den Rannóg Iompar Scoile agus *Bus Éireann* ag comhoibriú ar fheabhsuithe teicneolaíochta eile, atá dírithe ar éifeachtacht, trédhearcacht agus seirbhís

chustaiméara na Scéime a fheabhsú. Ba cheart Grúpa Oibre a bhunú chun tacú leis an obair seo ó 2023 ar aghaidh.

## I dTreo Comhtháthaithe Níos Fearr

Leanfaidh an Rannóg Iompar Scoile ar aghaidh ag plé le ranna Rialtais chun tionscnaimh agus beartais taistil ghníomhaigh a chur chun cinn agus a chomhordú faoi dheireadh 2023.

Bunófar Grúpa Oibre in 2023, ina mbeidh an Rannóg Iompar Scoile, an Roinn Iompair agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair agus comhlachtaí eile páirteach chun comhtháthú féideartha seirbhísí iompair scoile agus poiblí a fheabhsú faoin tionscadal Éire a Nascadh.

[Críoch]

---

[i] **Féach: Review of the School Transport Scheme: Phase 1 Report of the Technical Working Group (2021) Leathanaigh 4-5.**
[ii] **Le haghaidh anailíse sonraí ónar tháinig na torthaí seo, féach Phase 1 Report of the Technical Working Group (2021) Leathanaigh 6 agus Táblaí 4.1 agus 4.2, Leathanach 7.**

[iii] Féach an anailís ar thrí rogha, **Phase 1 Report of the Technical Working Group** (2021), Leathanaigh 13-22, le hachoimre ar fáil i dTábla 9.1, Leathanaigh 22-3.
[iv] Tháinig na heiseamláirí ó Chontaetha Loch Garman, Phort Láirge agus an Chláir agus tá siad mionsonraithe in **Review of the School Transport Scheme: Draft Phase 2 Report of the Technical Working Group** (2022) idir Leathanaigh 19 agus 23.
[v] Do shonraí an tSamhail um Loighic Cláir, féach Caibidil 2 den **Review of the School Transport Scheme: Phase 3 Report of the Technical Working Group** (2022), agus do léiriú i bhfoirm tábla, féach Leathanach 12.
[vi] Féach Caibidil 3 de **Phase 3 Report of the Technical Working Group** (2023).
[vii] Tá cairteacha ina bhfuil mionsonraí ar na treochtaí dá dtagraítear ar fáil in **Phase 3 Report of the Technical Working Group** (2023), Leathanaigh 17-19.
[viii] Le haghaidh próifílí de na sé rogha iomlán a cuireadh ar fáil, féach **Phase 3 Report of the Technical Working Group** (2023), Leathanaigh 21-2. Tá na táblaí a léiríonn na costais agus na coigiltí a mheastar faoi na roghanna éagsúla ar fáil ar Leathanaigh 23-24. Scrúdaítear na roghanna freisin i gCaibidil 4, ina bpléitear critéir incháilitheachta, áit a bhfuil achoimre orthu ar Leathanaigh 31-32 agus iad i bhfoirm tábla ar Leathanaigh 33-4.
[ix] Tá costais choibhneasta an iompair léirithe ar thábla i gCaibidil 7 de **Phase 3 Report of the Technical Working Group** (2023), Leathanach 80. Féach samplaí níos mionsonraithe ó Shasana, SAM agus an Astráil i dtáblaí ar Leathanaigh 82-85.
[x] Mar atá mínithe i **Phase 3 Report of the Technical Working Group** (2023), Leathanaigh 42-3.
[xi] Tá fáil ar mhionsonraí na n-athruithe molta i **Phase 3 Report of the Technical Working Group** (2023), Leathanach 90.